15 BLIANA Our world
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Irish Aid
Agus Páirc Náisiúnta Gorongosa

Stór Focal

Focal	Brí
Bithéagsúlacht	Éagsúlacht bhitheolaíoch nó an iliomad cineálacha plandaí agus ainmhithe a bhfuil cónaí orthu in áit
Coinbhleacht	Easaontas láidir idir daoine; troid, cath nó cogadh
Eabhar	Ábhar crua, bán as a mbíonn starrfhiacla eilifintí agus ainmhithe eile déanta. Tá an t-eabhar an-luachmhar (is fiú go leor airgid é)
Póitseálaithe	Daoine a dhéanann ainmhithe a fhiach go mídhleathach nó a thógann plandaí atá faoi chosaint
Athchóiriú	Filleadh ar riocht níos luaithe nó gnáthriocht
Caomhnú	Rud a choinneáil slán nó a chosaint
Triomach	Tréimhse fhada gan mórán báistí nó gan aon bháisteach
Córas uisciúcháin	Bealach chun uisce a chur ar thalamh nó ar bharra
Obair forbartha	Cabhair nó tacaíocht do dhaoine atá i ngátar, atá i mbaol nó atá leochaileach (mar gheall ar bhochtaineacht, cogadh, athrú aeráide nó neamhionannas, mar shampla)
Daonchara	Duine a thacaíonn le cúiseanna carthanúla agus a chuireann chun cinn iad

SEOD DOMHANDA

Tá Páirc Náisiúnta Gorongosa i Mósaimbíc ar cheann de na háiteanna ar domhan ina bhfuil **"an bhithéagsúlacht"** go mór i réim – sin bealach eolaíoch lena rá go bhfuil an-chuid ainmhithe, feithidí agus éin éagsúla sa Pháirc, cuid acu nach bhfuil in áit ar bith eile seachas Gorongosa.

Go dtí seo, thángthas ar 398 speiceas éan, 123 mamach (agus an duine san áireamh!), 34 reiptíl (nathracha, laghairteanna, crogaill agus turtair) agus 43 amfaibiach (cosúil le froganna nó buafa).

Ach, 43 bliain ó shin, tháinig an Pháirc faoi bhagairt le linn **coinbhleacht** shibhialta i Mósaimbíc, coinbhleacht ar tháinig deireadh léi in 1992. Mharaigh saighdiúirí ocracha go leor d'ainmhithe móra na Páirce, go háirithe eilifintí, ar son a gcuid feola agus **eabhair.**

Níos déanaí, mharaigh sealgairí mídhleathacha nó **póitseálaithe** tuilleadh ainmhithe – agus is beag nár imigh roinnt ainmhithe as: na heilifintí, na buabhaill rinne, na dobhareacha, na leoin, toirc na bhfaithní agus na hantalóip. Bhí tionchar aige sin ar an timpeallacht agus ar na daoine a chónaíonn timpeall ar Gorongosa.

Is tír chomhpháirtíochta de chuid Chúnamh Éireannach í Mósaimbíc ón mbliain 1996

15 BLIANA Our world
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Irish Aid
Agus Páirc Náisiúnta Gorongosa

Mar shampla, gan tréada séabra a bhíonn ag innilt ar an bhféar agus ar na toir, ba mhinice a tharla tinte ollmhóra (falscaithe) contúirteacha.

In 2008, bhunaigh Rialtas Mhósaimbíc agus Greg C. Carr, daonchara Meiriceánach, Tionscadal Athchóirithe Gorongosa chun an fiadhúlra agus an tírdhreach a **athshlánú** agus a **chaomhnú** (a chosaint), agus Páirc Gorongosa a chur ar ais sa riocht ina mbíodh sí tráth.



Grianghraf le caoinchead Pháirc Náisiúnta Gorongosa

IRISH AID'S WORK

Tá ceangal díreach idir sláinte fhiadhúlra agus thírdhreach na Páirce agus folláine an 200,000 duine atá ina gcónaí thart timpeall na Páirce. Tá dúshláin ollmhóra rompu, mar shampla:

- gan dóthain talún a bheith ann chun bia a fhás
- go leor fadhbanna sláinte
- easpa mhór dochtúirí agus clinicí, agus leibhéil ísle oideachais.

Téann na fadhbanna seo a leanas i bhfeidhm ar na pobail sin freisin: coinbhleacht agus **triomach.**

In 2014, thosaigh Cúnamh Éireann ag tabhairt maoiniú (airgead) do Thionscadal Athchóirithe Gorongosa i gcomhair na hoibre a dhéanann sé leis na pobail ar theorainn thuaidh na Páirce. Leis an maoiniú sin, cuirtear comhairle ar fheirmeoirí beaga, íoctar as síolta, leasachán agus uirlisí dóibh, agus tugtar rochtain ar mhargaí dóibh sa chaoi is gur féidir leo na barra a dhíol. Úsáidtear an maoiniú sin freisin chun rochtain a thabhairt do theaghlaigh áitiúla ar uisce glan agus chun **córais uisciúcháin** a chur ar bun do ghairdíní glasraí sna scoileanna.

Feirmeoirí ó theorainn thuaidh na Páirce ag foghlaim bealaí éagsúla chun an leas is fearr a bhaint as a gcuid talún.
Grianghraf le caoinchead Pháirc Náisiúnta Gorongosa

Ní furasta an Pháirc a athchóiriú ná **obair forbartha** a dhéanamh leis na pobail áitiúla. Ach tá difríocht mhór á déanamh ag an obair sin cheana féin agus, leis **an gcomhpháirtíocht** leanúnach idir muintir na háite, Rialtas Mhósaimbíc, Tionscadal Athchóirithe Gorongosa agus maoinitheoirí ar nós Chúnamh Éireann, is féidir leis an obair sin cabhrú le daoine agus leis an bhfiadhúlra.